Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**05325/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0004(NLE)**

**EDUC 12**
**ENV 41**
**CLIMA 16**
**SOC 25**
**SUSTDEV 7**
**JEUN 7**
**RECH 19**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 11 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 11 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 11 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.1.2022
COM(2022) 11 final

2022/0004 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2022) 3 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

*A bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach ar domhan, sin é dúshlán mór na linne, an dúshlán mór, an deis mhór. Dá réir sin is mithid beart an-chinnte a dhéanamh gan mhoill.*

Ursula von der Leyen, Treoirlínte Polaitiúla

'Seo againn uair na cinniúna: mar gheall ar ghníomhaíocht an duine, is beag nach damáiste doleasaithe atá déanta againn don phláinéad, rud a bhfuil beatha an duine agus folláine an duine ag brath air. Chun todhchaí inar féidir linn maireachtáil go rathúil a áirithiú, tá gníomhaíochtaí comhchoiteanna agus aonair de dhíth go géar chun go an tsochaí agus an geilleagar a chur ar chonair inbhuanaithe. Daoine óga is mó a labhraíonn amach faoin ábhar seo agus tá siad gníomhach sa réimse, éilíonn siad athrú agus iarrann siad ar na húdaráis phoiblí gníomhú ar bhealach práinneach chun an aeráid agus an comhshaol a chosaint le haghaidh na glúine seo agus na nglún atá le teacht. Ceapann go leor daoine óga nach dtugann an scolaíocht tuiscint leormhaith dóibh ar an athrú aeráide, ar an gcomhshaol ná ar an gcaoi chun maireachtáil agus gníomhú ar bhealach atá níos inbhuanaithe[1].

Faoi cheannaireacht an Uachtaráin von der Leyen, thíolaic an Coimisiún straitéis uaillmhianach, leis an gComhaontú Glas don Eoraip, chun an inbhuaine agus na hathruithe claochlaitheacha atá de dhíth ar fud an gheilleagair agus na sochaí a bhaint amach. Is croíphrionsabal de chuid an Aontais í an fhorbairt inbhuanaithe agus is cuspóir tosaíochta le haghaidh bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais é Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA a bhaint amach. Trí ghníomhaíocht ar fud réimsí difriúla beartas a ailíniú, lena n-áirítear réimse an fhuinnimh, an chomhshaoil, na soghluaisteachta agus na talmhaíochta, tá sé d'aidhm ag an Aontas aistriú glas atá cóir agus ionchuimsitheach a bhaint amach. **Amhail gach réimse eile, ní mór don oideachas agus don oiliúint gníomhú freisin chun freagairt don ghéarchéim aeráide agus don ghéarchéim phláinéadach- i dtéarmaí a n-oibríochtaí féin agus an chaoi a n-ullmhaítear foghlaimeoirí don todhchaí go háirithe.**

Aithnítear leis an Teachtaireacht maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais[2], leis an gComhaontú Glas don Eoraip[3] agus le príomhthionscnaimh eile[4] an ról ríthábhachtach atá ag an oideachas agus ag an oiliúint san aistriú glas. Ní mór d'fhoghlaimeoirí, gan beann ar aois, a bheith in ann an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a fhorbairt chun maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe, patrúin tomhaltais agus táirgeachta a athrú, slite maireachtála níos sláintiúla a ghlacadh chucu féin agus cur le claochlú an tsochaí – ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann.

Chuige sin, is gá cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil a úsáid i leith na foghlama le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil, cur chuige lena mbaineann bealaí foghlama gníomhacha, suimiúla atá bunaithe ar ghníomhaíocht a dhéanamh agus lena gcothaítear (i) eolas, tuiscint agus smaointeoireacht chriticiúil (foghlaim chognaíoch); (ii) forbairt scileanna praiticiúla (foghlaim fheidhmeach); agus (iii) bá, dlúthpháirtíocht agus meas ar an dúlra (foghlaim shochmhothúchánach). Tá gá le cuir chuige idirdhisciplíneacha chun cabhrú le foghlaimeoirí tuiscint a fháil ar idirnascthacht an chórais gheilleagraigh, an chórais shóisialta agus an chórais nádúrtha lena chéile.

1 https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2224
2 COM(2020) 625 final
3 COM(2019) 640 final
4 Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais, an Comhshocrú Aeráide Eorpach, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, an Clár Oibre Eorpach do Scileanna agus an Rún ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais (2021-2030)

**Dúshláin maidir leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil**

Tá líon mór tionscnamh agus gníomhaíochtaí maidir leis an athrú aeráide, an bhithéagsúlacht agus an inbhuaine ag tarlú ar fud na hEorpa san oideachas luath-óige, i scoileanna, i ngairmscoileanna agus sa ghairmoiliúint, san ardoideachas agus in eagraíochtaí pobail. I roinnt tíortha, tá beartais agus straitéisí i bhfeidhm cheana a bhaineann leis an oideachas comhshaoil agus leis an inbhuaine agus le coincheapa eile atá chomh hinmharthana céanna, amhail an t-oideachas le haghaidh na forbartha inbhuanaithe agus na hinniúlachta domhanda. D'ainneoin na hiarrachta agus na dtionscnamh a rinneadh ar feadh na mblianta, **ní gné shistéamach de bheartas ná de chleachtas an Aontais go fóill í an fhoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil.**

Is beag tír ina bhfuil an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ina treoirphrionsabal le haghaidh na hinbhuaine san oideachas agus san oiliúint. Chun an leas is mó is féidir a bhaint as an bhfoghlaim agus as an teagasc le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil, ní mór an fhoghlaim agus an teagasc a bheith ann ní hamháin i scoileanna agus san ardoideachas ach i ngach cuid den chóras (foirmiúil, seachfhoirmiúil, neamhfhoirmiúil) agus ar gach leibhéal (idir an luath-óige, dhaoine fásta agus daoine scothaosta).

Is minic a bhíonn deacrachtaí le sárú ag tíortha maidir le beartais a bhaineann leis an oideachas agus leis an oiliúint le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Is minic a bhíonn spriocanna sonracha, gníomhaíochtaí, táscairí agus fís shoiléir in easnamh. Cineál idirdhisciplíneach na foghlama le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil; an gá le hoideolaíochtaí foghlaimeoirlárnacha; cuir chuige nua i leith an mheasúnaithe; athrú eagraíochtúil; agus comhpháirtíochtaí pobail, d'fhéadfadh sé go mbeidís bun os cionn le cultúir agus le noirm sheanbhunaithe san oideachas agus san oiliúint.

Tá an cumhdach a dhéantar ar an inbhuaine comhshaoil, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, i gcuraclaim faoi láthair easnamhach agus ní féidir a mheas go bhfuil an cumhdach a dhéantar i bhformhór na mBallstát cuimsitheach. Is beag tír ina ndéantar tagairt shonrach d'inniúlachtaí inbhuaine, na cuspóirí foghlama lena mbaineann agus an chaoi ar cheart measúnú a dhéanamh orthu. Is minic a áirítear saincheisteanna comhshaoil agus inbhuaine leis an eolaíocht agus leis an tíreolaíocht, ach d'fhéadfadh na hábhair uile, agus meascán d'ábhair, tuiscint na bhfoghlaimeoirí ar na saincheisteanna sin a mhéadú.

Tá roinnt oideachasóirí ar fud na hEorpa ag teagasc faoin inbhuaine comhshaoil go gníomhach cheana nó ba bhreá leo sin a dhéanamh. Ag an am céanna, deir cuid mhaith díobh nach bhfuil an saineolas acu agus nár cuireadh oiliúint orthu, go háirithe maidir le cuir chuige idirdhisciplíneacha, oideolaíochtaí gníomhacha agus an t-ábhar dúshlánach.

Maidir le cuir chuige uile-institiúide lena ndéantar an inbhuaine a leabú sna próisis agus sna hoibríochtaí uile, níl siad forleathan go fóill in institiúidí oideachais toisc nach bhfuil an maoiniú ná an tacaíocht leordhóthanach. Is minic a bhíonn easpa sonraí agus uirlisí ar na hinstitiúidí maidir leis an gcaoi chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht na dtionscnamh agus na n-iarrachtaí inbhuaine.

**I dtreo an athraithe dhomhain chlaochlaithigh**

Leis an méadú atá ag teacht ar an líon tionscadal agus clár a bhaineann le ceisteanna inbhuaine comhshaoil, léirítear go bhfuil borradh faoin tsuim sna saincheisteanna sin agus faoin rannpháirtíocht leo. Tá go leor tionscnamh teoranta, áfach ó thaobh ama agus raon feidhme de fós. I bhfianaise a phráinní atá an ghéarchéim aeráide agus an ghéarchéim bhithéagsúlachta, is mithid dúinn mórathrú a dhéanamh agus dul níos faide ná tionscnaimh aonair i dtreo athrú domhain sistéamach san oideachas agus san oiliúint.

**Tá sé ríthábhachtach an inbhuainecomhshaoil a leabú i ngach beartas, clár agus próiseas oideachais agus oiliúna chun na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá le haghaidh an aistrithe ghlais a chothú.** Tá gníomhaíocht de dhíth go hingearach, ar leibhéal an duine aonair, na n-institiúidí agus na gcóras agus go cothrománach freisin, rud a chiallaíonn nach mór do na páirtithe leasmhara uile i réimse an oideachais agus na hoiliúna oibriú le chéile i sineirge chun a áirithiú go bhfuil **an inbhuaine fréamhaithe go daingean in eispéireas foghlama foriomlán an scoláire.**

Ní mór **bearta gearrthéarmacha** a fhorbairt agus na bearta sin a leanúint chun tacaíocht a thabhairt d'institiúidí agus d'oideachasóirí agus chun cabhrú le foghlaimeoirí forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus ar an meon atá de dhíth le haghaidh an aistrithe ghlais. **Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, leis na hiarrachtaí athchóiriúcháin uile san oideachas agus san oiliúint**ba cheart go dtacófar leis na hathruithe atá de dhíth le haghaidh todhchaí atá níos glaine agus níos inbhuanaithe, agus go ndéanfar ailíniú leis na nithe sin chomh maith.

Cuireadh i dtábhacht i gcomhairliúcháin a rinneadh agus i bhfianaise taighde chun ullmhú don togra seo gur gá gníomhaíocht a dhéanamh i réimsí éagsúla chun an inbhuaine comhshaoil a leabú go hiomlán san oideachas agus san oiliúint.

Bíonn na gnéithe seo a leanas i gceist leis an bhfoghlaim éifeachtach le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil:

– Tosaíonn sí san oideachas agus sa chúram luath-óige
– Tá cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil i gceist léi
– Cruthaítear timpeallachtaí tacúla foghlama ina bhfuil an institiúid ina hiomláine gníomhach maidir leis an inbhuaine
– Tá sí foghlaimeoirlárnach, suimiúil, dearfach agus bunaithe ar eispéiris san fhíorshaol
– Tacaítear le hoideachasóirí, lena n-áirítear foirne ceannaireachta chun an inbhuaine a theagasc agus gníomhú dá réir
– Cothaítear comhar agus comhpháirtíochtaí i bpobail áitiúla agus sa phobal i gcoitinne
– Tugtar ról fiúntach do dhaoine óga
– Cothaítear inniúlachtaí inbhuaine
– Bunaítear ar bheartais láidre í

Is féidir leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil tacú go hiomlán le cláir oideachais eile an ionchuimsithe, na cáilíochta, na nuálaíochta, an idirnáisiúnaithe agus na foghlama scoláire-lárnaí. **Is iomaí féidearthacht a bhaineann leis agus is deis den scoth é chun an fhoghlaim a dhéanamh níos ábhartha; chun foghlaimeoirí agus oideachasóirí a spreagadh; agus chun na hinniúlachtaí a theastaíonn don saol trí chéile agus don saol oibre a fhorbairt.**

(1) Cuspóirí an Mholta atá beartaithe

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

– fís agus tuiscint chomhroinnte a chur in iúl ar leibhéal an Aontais maidir leis na hathruithe doimhne claochlaitheacha atá de dhíth san oideachas agus san oiliúint le haghaidh an aistrithe ghlais;

– cur chuige comhleanúnach a fhorbairt i leith na n-inniúlachtaí, na scileanna agus na ndearcthaí atá de dhíth ar dhaoine chun gníomhú, maireachtáil agus oibriú ar bhealach inbhuanaithe, tábhacht na foghlama ar feadh an tsaoil a neartú chun a áirithiú gur féidir le gach duine idir óg agus aosta na hinniúlachtaí agus na scileanna sin a shealbhú;

– comhroinnt shaineolas an lucht ceaptha beartas, na dtaighdeoirí agus na n-oideachasóirí a éascú agus ar dhea-chleachtais ar leibhéal an chórais agus institiúide a chomhroinnt;

– tacú le tionscnaimh ar leibhéal an Aontais chun an fhoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil a chothú; agus

– infheistíocht sna réimsí thuasluaite a spreagadh.

(2) An ghné idirnáisiúnta

Cé go bhfuil an togra dírithe go hiomlán ar uaillmhianta agus ar thosaíochtaí an Aontais maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach, **comhlánaítear an obair sin ar an leibhéal idirnáisiúnta leis an togra seo agus cuirtear léi**. Gríosófar na Ballstáit agus páirtithe leasmhara chun gníomhaíocht níos comhbheartaithe a dhéanamh chun cur le clár oibre UNESCO, go háirithe **Treochlár 2030 OFI** agus tacófar le **gealltanas an Aontais do chlár oibre 2030 na Náisiún Aontaithe (NA)** treoirphlean an domhain le haghaidh na forbartha domhanda inbhuanaithe.

(3) Comhlántacht agus sineirgí le tionscnaimh eile oideachais agus oiliúna de chuid an Aontais

– Teachtaireacht maidir le Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025[5],

– Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030)[6],

– Teachtaireacht maidir le Limistéar Eorpach Taighde nua um Thaighde agus um Nuálaíocht[7],

– Moladh ón gComhairle maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip[8],

– An Clár Oibre Eorpach do Scileanna Nua le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta[9],

– Moladh ón gComhairle maidir leis an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint (VET) le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta[10],

– An Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021-2027)[11],

– Moladh ón gComhairle maidir leis na príomhinniúlachtaí le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil[12],

– Conclúidí ón gComhairle maidir le hOllscoileanna na hEorpa[13],

---

5 COM(2020) 625 final
6 Rún 2021/C 66/01 ón gComhairle
7 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2020%3A628%3AFIN
8 https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/1a0df8ff-5313-11ec-91ac-01aa75ed71a1
9 COM/2020/274 final
10 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32020H1202%2801%29
11 COM(2020) 624 final
12 Moladh 2018/C 189/01 ón gComhairle

– Acadaimh Múinteoirí Erasmus+ a bheidh ann amach anseo[14],

– Creat cáilíochta an Aontais Eorpaigh maidir le cúram agus oideachas na luath-óige[15],

– An Chomhghuaillíocht 'Oideachas ar mhaithe leis an Aeráid'[16]

– An togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i dtaca le micridhintiúir le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil agus na hinfhostaitheachta[17],

– An Straitéis Eorpach a bheidh ann amach anseo maidir le hOllscoileanna,

– An togra a bheidh ann amach anseo le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Naisc a chothú le haghaidh comhar éifeachtach san ardoideachas Eorpach.

(4) Comhsheasmhacht le beartais eile

– Teachtaireacht maidir leis an gComhaontú Glas[18],

– An Straitéis Bhithéagsúlachta 2030[19],

– Plean téarnaimh NextGenerationEU[20],

– An Comhshocrú Aeráide Eorpach[21],

– Plean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach[22],

– Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[23],

– Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030[24],

– Teachtaireacht maidir le Bauhaus Eorpach[25],

– An Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[26].

– Teachtaireacht maidir le Limistéar Eorpach Taighde nua[27],

– Conclúidí ón gComhairle maidir le Rialachas ar an Limistéar Eorpach Taighde amach anseo[28],

– Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí[29].

---

13 Conclúidí 2021/C 221/03 ón gComhairle
14 https://erasmus-plus.ec.europa.eu/ga/node/64
15 Moladh 2019/C 189/4 ón gComhairle
16 An Chomhghuaillíocht 'Oideachas ar mhaithe leis an Aeráid: https://education-for-climate.ec.europa.eu/_en
17 https://ec.europa.eu/education/education-in-the-eu/european-education-area/a-european-approach-to-micro-credentials_ga
18 COM(2019) 640 final
19 COM(2020) 380 final
20 https://ec.europa.eu/info/strategy/recovery-plan-europe_ga
21 COM(2020) 788 final
22 COM(2020) 98 final
23 COM(2017) 250
24 COM(2021) 101 final
25 https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/qanda_21_4627
26 Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle
27 COM(2020) 628 final
28 Conclúidí ón gComhairle 13567/20
29 COM(2020) 696 final

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an Moladh beartaithe ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 165(4) agus Airteagal 166(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ní bheartaítear leis an tionscnamh aon síneadh a dhéanamh ar chumhacht rialála an Aontais ná ar na gealltanais cheangailteacha atá ar na Ballstáit. Cinnfidh na Ballstáit, de réir a gcúinsí náisiúnta, an chaoi a gcuirfidh siad an Moladh seo ón gComhairle chun feidhme.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Tá a gcultúr agus a reachtaíocht féin ag na Ballstáit maidir leis an bhfoghlaim a cheapadh agus a eagrú. Tá siad iomlán freagrach as an ábhar teagaisc agus as eagrúchán a gcóras oideachais agus oiliúna. San am céanna, léirítear le fianaise go bhfuil aghaidh le tabhairt acu ar shaincheisteanna coiteanna a bhaineann le hullmhacht a gcóras oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear ullmhacht le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, tugtar breac-chuntas sa togra ar bhealach chun tosaigh maidir leis an oideachas agus an oiliúint le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil agus déantar moltaí ann chuige sin.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) de CAE.

Ní théann ábhar ná foirm an Mholta bheartaithe seo ón gComhairle thar a bhfuil gá leis chun a chuspóirí a bhaint amach. Is ar bhonn deonach a dhéanfaidh na Ballstáit na gealltanais agus tá sé de shaoirse ag gach Ballstát cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige a úsáidfidh sé.

- **An rogha ionstraime**

Chun tacú leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 165 agus 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, déantar foráil leis an gConradh sin go nglacfaidh an Chomhairle Moltaí, ar thogra ón gCoimisiún.

Is ionstraim iomchuí é Moladh ón gComhairle laistigh de réimse an oideachais agus na hoiliúna, réimse ina bhfuil freagracht tacaíochta ar an Aontas, agus is ionstraim é a úsáidtear go minic le haghaidh gníomhaíocht Eorpach sna réimsí sin. Mar ionstraim dlí, léirítear léi tiomantas na mBallstát do na bearta a thíolactar agus soláthraítear léi bonn polaitiúil níos láidre le aghaidh comhar sa réimse seo, agus lánurraim á tabhairt d'údarás an Bhallstáit i réimse an oideachais agus na hoiliúna.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bailíodh ionchur le haghaidh an togra le linn comhairliúchán poiblí maidir leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil, comhairliúchán a reáchtáladh ón 18 Meitheamh go dtí an 24 Meán Fómhair 2021 (fuarthas 1352 fhreagra agus 96 pháipéar seasaimh) agus bailíodh ionchur ó chomhairliúcháin spriocdhírithe a reáchtáladh leis na Ballstáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha, múinteoirí, oiliúnóirí agus oideachasóirí eile, scoláirí, ionadaithe don óige agus páirtithe leasmhara Eorpacha eile agus saineolaithe sa réimse freisin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chun ionchur le haghaidh an togra a bhailiú, coimisiúnaíodh trí staidéar: (i) curaclaim, beartais agus bearta eile sna Ballstáit a mhapáil, lena n-áirítear léirbhreithniú ar an litríocht, taighde náisiúnta agus beartais a mhapáil, curaclaim scoile a athbhreithniú, suirbhé ar mhúinteoirí, cás-staidéir agus grúpaí fócais; (ii) tionscadail Erasmus+ a bhaineann leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil a mhapáil; agus (iii) staidéar ar an oideachas agus ar an oiliúint le haghaidh na forbartha inbhuanaithe i gcomhthéacs COVID-19 agus an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise chur chuige comhlántach na ngníomhaíochtaí maidir le tionscnaimh na mBallstát, cineál deonach na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agus raon feidhme na dtionchar a mheastar a bheidh ann, ní dhearnadh measúnú tionchair. Cuireadh bonn eolais faoi fhorbairt an togra le staidéir, comhairliúchán leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara agus comhairliúchán poiblí. Leis an togra, tacaítear go hiomlán le gealltanas an Aontais chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA a bhaint amach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an Moladh beartaithe seo ón gComhairle na cearta bunúsacha agus na prionsabail a shainaithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, a leagtar síos in Airteagal 8 agus an ceart chun oideachais a leagtar síos in Airteagal 14.

Déanfar na bearta i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679[30] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní éileofar acmhainní breise ó bhuiséad an Aontais leis an tionscnamh seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

30 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Chun tacú leis an gcur chun feidhme, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún taighde, ábhar treorach agus táirgí insoláthartha eile a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit, nithe a bhunófar ar fhianaise, ar ghníomhaíochtaí piarfhoghlama agus ar dhea-chleachtais a shainaithint.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tuarascáil a chur ar fáil maidir leis an Moladh ón gComhairle a úsáid i gcomhthéacs an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Breac-chuntas ar an Moladh agus ar an doiciméad inmheánach oibre**

Beartaítear leis an dréacht-Mholadh ón gComhairle treoir agus gníomhaíocht ar féidir leis na Ballstáit dul ina mbun chun an inbhuaine comhshaoil a leabú a thuilleadh san oideachas agus san oiliúint agus chun inniúlachtaí inbhuaine na bhfoghlaimeoirí uile a fhorbairt. Leagtar amach leis gealltanas an Choimisiúin Eorpaigh gníomhaíocht sa réimse sin a chomhlánú agus tacaíocht a thabhairt di. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an togra, tugtar tuairisc ar fhianaise ó thaighde a rinneadh le déanaí agus ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara agus tugtar mionsonraí ann maidir leis an gcreat inniúlachta nua Eorpach maidir leis an inbhuaine.

2022/0004 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165(4) agus 166(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuirtear i dtábhacht leis an gComhaontú Glas don Eoraip[31] agus le Straitéis Bhitheagsúlachta an Aontais go dtí 2030[32] an ról tábhachtach atá ag scoileanna, ag an ardoideachas agus ag institiúidí eile oiliúna dul i mbun plé le foghlaimeoirí, tuismitheoirí, oideachasóirí[33] agus an pobal i gcoitinne maidir leis na hathruithe atá ag teastáil le go mbeidh rath ar an aistriú glas.

(2) Le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe NA, go háirithe Sprioc 4.7, iarrtar ar gach foghlaimeoir eolas agus scileanna a shealbhú faoi 2030 ar eolas agus scileanna iad is gá chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an oideachas le haghaidh na forbartha inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, cultúr na síochána agus an neamhfhoréigin a chur chun cinn, an tsaoránacht dhomhanda agus meas a léiriú ar an éagsúlacht chultúrtha agus ar an gcaoi a gcuireann an cultúr leis an bhforbairt inbhuanaithe, mar aon le nithe eile nach iad.

(3) Leis an Teachtaireacht maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais[34], Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[35] agus an Teachtaireacht maidir le LET nua um Taighde agus um Nuálaíocht[36] , iarrtar go ndíreofar beartais agus infheistíochtaí oideachais agus oiliúna ar aistriú glas agus ar aistriú digiteach atá ionchuimsitheach le haghaidh athléimneacht agus rathúnas san am atá le teacht.

---

[31] COM(2019) 640 final

[32] COM(2020) 380 final

[33] Chun críocha an Mholta seo, áirítear le hoideachasóirí múinteoirí (a n-aithnítear go bhfuil stádas múinteora nó a chomhionann acu de réir na reachtaíochta agus an chleachtais náisiúnta) agus oiliúnóirí (aon duine a dhéanann gníomhaíocht amháin nó níos mó a bhaineann leis an bhfeidhm oiliúna teoiriciúla nó praiticiúla, in institiúid oideachais nó oiliúna nó san ionad oibre). Áirítear leis sin múinteoir a bhíonn ag plé leis an oideachas ginearálta agus leis an ardoideachas, múinteoirí agus oiliúnóirí a bhíonn ag plé leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint tosaigh agus leanúnach mar aon le gairmithe oideachais agus cúraim don luath-óige agus oideachasóirí aosach.

[34] COM(2020)625 final

[35] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta | An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[36] COM(2020)628 final

(4) Is é is aidhm do na heochair-inniúlachtaí, a shainmhínítear sa Chreat Tagartha Eorpach Eochair-inniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil[37], tacú le daoine ar fud na hEorpa na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a shealbhú le haghaidh an tsásaimh phearsanta, na sláinte, na hinfhostaitheachta agus an ionchuimsithe shóisialta agus athrú ó bhonn ag teacht go tapa ar an saol.

(5) Leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna Nua[38], fógraíodh tacaíocht chun tacar croíscileanna glasa a fhorbairt le haghaidh an mhargaidh saothair chun glúin gairmithe atá feasach ar an gcomhshaol agus oibreoirí eacnamaíocha glasa a chruthú agus fógraíodh tacaíocht chun saincheisteanna comhshaoil agus aeráide a chomhtháthú leis an scolaíocht, an t-ardoideachas, an ghairmoideachas agus an ghairmoiliúint agus taighde a dhéanamh. Tá gairmithe rí-inniúla ag teastáil san Eoraip chun tacú leis an aistriú glas agus chun go mbeidh an Eoraip ina ceannaire domhanda i réimse na dteicneolaíochtaí inbhuanaithe.

(6) Leis an Moladh ón gComhairle maidir leis an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta[39], aithnítear go bhfuil an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint ríthábhachtach le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

(7) Leis an gComhshocrú Aeráide Eorpach, iarrtar ar dhaoine aonair, ar phobail agus ar eagraíochtaí a bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht ar son na haeráide agus Eoraip atá níos glaise a fhorbairt trí dheiseanna a thairiscint chun foghlaim faoin athrú aeráide, réitigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus nasc a dhéanamh le daoine eile chun tionchar na réiteach sin a iolrú.

(8) Leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach[40], soláthraítear fís le haghaidh oideachas digiteach atá ionchuimsitheach, inrochtana agus ar ardchaighdeán agus cuirtear i dtábhacht arís leis a thábhachtaí atá teicneolaíochtaí digiteacha mar chumasóirí cumhachtacha le haghaidh an aistrithe ghlais agus san am céanna, éascaítear leis an t-aistriú i dtreo iompar inbhuanaithe maidir le táirgí digiteacha a fhorbairt agus a úsáid araon.

(9) Leis an Bauhaus Eorpach Nua, cuirtear gné chultúrtha chruthaitheach leis an gComhaontú Glas don Eoraip, arb é is aidhm dó léiriú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis an nuálaíocht inbhuanaithe athruithe dearfacha follasacha a dhéanamh sa saol laethúil, lena n-airítear i bhfoirgnimh scoile agus i dtimpeallachtaí foghlama eile.

(10) Trína chlár um Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe, tá UNESCO ag oibriú ar an oideachas a dhéanamh níos lárnaí agus níos feiceálaí sa fhreagairt idirnáisiúnta ar an ngéarchéim aeráide agus chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe Sprioc 4.7 maidir leis an oideachas le haghaidh na forbartha inbhuanaithe. Faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus faoi Chomhaontú Pháras, geallann na Páirtithe go gcuirfidh siad an t-oideachas, an oiliúint, feasacht an phobail, rannpháirtíocht an phobail agus rochtain an phobail ar fhaisnéis maidir leis an athrú aeráide chun cinn agus go ndéanfaidh siad comhar i dtaobh na nithe sin.

[37] IO C 189, 4.6.2018, lch. 1–13, Iarscríbhinn
[38] COM(2020)274 final
[39] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020H1202(01)&from=EN
[40] COM(2020)624 final

(11) Léirítear le sonraí ECFE[41] ó 2018 go raibh daoine 15 bliana d'aois an-fheasach ar an athrú aeráide agus ar an ngéarchéim chomhshaoil agus ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt orthu. Léirítear leis na sonraí céanna, áfach, go mbraitheann i bhfad níos lú scoláirí go bhfuil sé de chumhacht acu difear suntasach a dhéanamh. Agus iad ag foghlaim faoin gcomhshaol agus faoin ngéarchéim dhomhanda, d'fhéadfadh sé go mbeadh scoláirí agus mic léinn trína chéile nó go mbraithfidís nach bhfuil aon chumhacht acu, agus is amhlaidh a chuireann faisnéis mhíchruinn nó mífhaisnéis leis sin.

(12) Tá sé de dhualgas ar chórais agus ar institiúidí oideachais agus oiliúna freagairt do ghuth na n-óg maidir leis an ngéarchéim aeráide agus an ghéarchéim bhithéagsúlachta agus ról a thabhairt do dhaoine óga maidir le réitigh a bhaineann leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil a cheapadh.

(13) Le paindéim COVID-19, cuireadh i dtábhacht na dlúthnaisc atá againn leis an dúlra agus cuireadh béim an athuair ar chórais oideachais agus oiliúna. Foghlaimíodh ceachtanna freisin faoi na féidearthachtaí nua atá ann le haghaidh an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear an fhoghlaim i suíomhanna difriúla (lena n-áirítear ar líne), rannpháirtíocht agus féinriar foghlaimeoirí agus naisc idir an fhoghlaim fhoirmiúil agus an pobal i gcoitinne. Mhéadaigh an phaindéim an imní atá ann le fada an lá freisin faoi fholláine fhisiceach, mheabhrach agus mhothúchánach leanaí agus daoine óga.

(14) Tá ionaid aonair luath-óige agus cúraim, scoileanna, institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí taighde, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna ag éirí níos gníomhaí an t-am ar fad maidir leis an ngéarchéim aeráide agus an ghéarchéim bhithéagsúlachta. Ní gné shistéamach den oideachas ná den oiliúint ar fud an Aontais go fóill í an inbhuaine.

(15) Tá tacaíocht, saineolas agus deiseanna oiliúna de dhíth ar mhúinteoirí chun an inbhuaine comhshaoil a chomhtháthú ina gcleachtais teagaisc. Braitheann siad nach bhfuil na scileanna cuí acu chun déileáil leis an imní faoin gcomhshaol ná leis an doirbhíochas faoin gcomhshaol ná chun cabhrú le foghlaimeoirí dul i ngleic le saincheisteanna aeráide agus comhshaoil ar bhealach dearfach.

(16) Cuir chuige uile-institiúide maidir leis an inbhuaine lena n-áirítear na réimsí uile gníomhaíochta, níl siad le fáil go forleathan go fóill. Áirítear leis na cuir chuige sin an teagasc agus an fhoghlaim; an taighde agus an nuálaíocht; saoráidí agus oibríochtaí, agus ba cheart dóibh suim a mhúscailt i scoláirí, foirne, tuismitheoirí agus pobail áitiúla agus an pobal i gcoitinne.

(17) Ní mór na féidearthachtaí agus na deiseanna atá ann comhlánú agus láidriú a dhéanamh ar chláir oideachais eile a fhiosrú a thuilleadh. Féadfaidh an teagasc agus an fhoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil tacú go hiomlán le beartais agus le cláir maidir leis an bhfolláine agus an t-ionchuimsiú, an dlúthpháirtíocht dhomhanda, an fhoghlaim scoláire-lárnach, an taighde agus an nuálaíocht agus an claochlú digiteach.

(18) Ní áirítear an ghné oideachais agus oiliúna go sistéamach i mbeartais eile a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an inbhuaine. Tríd an oideachas a chomhtháthú leis na beartais sin, is féidir tacú lena gcur chun feidhme, réimsí difriúla den tsochaí agus den gheilleagar a nascadh lena chéile agus an inbhuaine a leabú go héifeachtach san oideachas.

[41] ECFE (2020), *Are Students Ready to Thrive in an Interconnected World?* PISA 2018, Eagrán VI.

(19) Tugtar lán-urraim leis an Moladh seo do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

**AG MOLADH DO NA BALLSTÁIT**

(1) Dlús a chur le hiarrachtaí chun tacú le córais oideachais agus oiliúna gníomhú le haghaidh an aistrithe ghlais ionas gur féidir le foghlaimeoirí, gan beann ar aois nó ar chúlra, rochtain a fháil ar oideachas agus ar oiliúint ionchuimsitheach atá ar ardchaighdeán maidir leis an athrú aeráide, an bhithéagsúlacht agus an inbhuaine.

(2) An fhoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil a bhunú mar réimse tosaíochta i mbeartais agus i gcláir oideachais agus oiliúna chun tacú leis an earnáil cur leis an aistriú glas agus é a chur ar a chumas don earnáil an obair sin a dhéanamh. Cur chuige cuimsitheach comhoibríoch a fhorbairt i leith na foghlama le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil agus ról a thabhairt do na comhlachtaí, do na heagraíochtaí agus do na gníomhaithe uile sa chóras oideachais agus oiliúna.

(3) Raon deiseanna foghlama a sholáthar i suíomhanna difriúla idir an fhoghlaim luath-óige agus an fhoghlaim aosach, ionas gur féidir le gach duine ullmhú don aistriú glas agus cur go gníomhach leis agus gníomhú le haghaidh geilleagar agus sochaí atá ciorclach, cóir aeráidneodrach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

(4) Na bearta seo a leanas ar leibhéal an chórais a mheas:

(a) Straitéisí agus pleananna maidir leis an oideachas agus an oiliúint a ailíniú go hiomlán leis an inbhuaine comhshaoil, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le curaclaim agus leis an measúnú, le hoideolaíochtaí agus le forbairt ghairmiúil oideachasóirí. Tacaíocht a thabhairt do straitéisí agus beartais náisiúnta agus eile a chur chun feidhme, lena n-áirítear straitéisí agus beartais maidir le coincheapa gaolmhara amhail an t-oideachas le haghaidh na forbartha inbhuanaithe, trí phleananna gníomhaíochta agus trí shásraí le haghaidh obair leanúnach agus faireacháin.

(b) Infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh, in acmhainní agus i mbonneagar (foirgnimh, tailte agus teicneolaíocht) glas inbhuanaithe le haghaidh na foghlama, an tsóisialaithe agus na háineasa, chun timpeallachtaí foghlama sláintiúla athléimneacha a áirithiú.

(c) Feasacht a mhúscailt ar na tairbhí agus ar na deiseanna a bhaineann leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil agus tacaíocht a thabhairt d’institiúidí oideachais agus oiliúna saincheisteanna maidir leis an athrú aeráide, an bhithéagsúlacht agus an inbhuaine a dhéanamh ábhartha i saol laethúil na bhfoghlaimeoirí.

(d) Ról a thabhairt do scoláirí, do mhic léinn agus do na foghlaimeoirí uile ar bhealach fiúntach comhordaithe maidir le cuir chuige a mholadh agus a cheapadh i ndáil leis an méid ar cheart dóibh a fhoghlaim faoin inbhuaine comhshaoil agus le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil, an chaoi ar cheart dóibh an fhoghlaim sin a dhéanamh agus an áit ar cheart dóibh an fhoghlaim sin a dhéanamh. Rannpháirtíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a spreagadh i measc foghlaimeoirí ó gach cúlra.

(e) Creataí curaclaim cuimsitheacha a fhorbairt, agus an t-am agus an spás a thabhairt i gcomhair foghlaim dhomhain le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil ionas gur féidir le foghlaimeoirí inniúlachtaí inbhuaine a fhorbairt ó aois óg.

Féadfaidh an fhoghlaim idirghlúine agus samplaí, fadhbanna agus freagairtí áitiúla an curaclam a dhéanamh níos ábhartha le haghaidh foghlaimeoirí toisc go léiríonn siad go bhfuil an t-athrú aeráide, an bhithéagsúlacht agus an inbhuaine le feiceáil go háitiúil agus gur féidir gníomhú ina leith.

(f) Tacaíocht a thabhairt don chomhar agus don líonrú maidir leis an inbhuaine agus an bhithéagsúlacht, agus ról a thabhairt do ghníomhaithe difriúla, mar shampla, údaráis áitiúla, ionadaithe don óige, ionaid oideachais comhshaoil, foraoisí, páirceanna, feirmeacha, iarsmalanna, leabharlanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha, taighde, eagraíochtaí tomhaltóirí agus an gnó.

(g) Tacaíocht a thabhairt do dhea-chleachtais a mhéadú agus infheistíocht a dhéanamh sa taighde oideolaíoch maidir leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna.

(5) Tacaíocht a thabhairt d’fhoghlaimeoirí trí na bearta seo a leanas a chur san áireamh:

(a) Deiseanna a thabhairt d’fhoghlaimeoirí, ón réamhscoil ar aghaidh, an domhan nádúrtha agus an bhithéagsúlacht a thuiscint, suim a chur iontu agus meas a léiriú orthu, fiosracht a mhúscailt sna foghlaimeoirí agus deiseanna a thabhairt dóibh foghlaim conas gníomhú ar son na hinbhuaine, ar bhonn aonair agus i gcomhar lena chéile.

(b) Foghlaim ar ardchaighdeán ar feadh an tsaoil le haghaidh na hinbhuaine a láidriú, go háirithe trí thacaíocht airgeadais, lena n-áirítear trí shocrúcháin oibre, printíseachtaí, obair dheonach, gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus cineálacha eile foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Rannpháirtíocht saoránach i réimse na hinbhuaine comhshaoil a aithint agus a chúiteamh.

(c) Modhanna agus cuir chuige foghlama atá comhoibríoch, eispéireasach agus ábhartha le haghaidh comhthéacsanna agus traidisiúin áitiúla a éascú. Áirítear leis sin deiseanna gníomhacha a thabhairt do scoláirí breathnú ar an dúlra agus aire a thabhairt dó, acmhainní a shábháil, deisiú, ath-úsáid agus athchúrsáil a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin cabhrófar leo an tábhacht a bhaineann le stíleanna maireachtála inbhuanaithe agus an geilleagar ciorclach a thuiscint.

(d) Faisnéis cruinn inrochtana a sholáthar faoin ngéarchéim aeráide agus faoin ngéarchéim bhithéagsúlachta agus faoi na nithe is cionsiocair leo, scileanna réitithe fadhbanna agus comhair a fhorbairt, scileanna smaointeoireachta criticiúla agus litearthachta meán a fhorbairt agus tacú le gníomhaíocht dhearfach lena n-airítear obair dheonach a dhéanamh, aghaidh a thabhairt ar an eagla a d’fhéadfadh a bheith ar fhoghlaimeoirí roimh na géarchéimeanna pláinéadacha agus ar an mbraistint a bhíonn acu nach bhfuil aon chumhacht acu orthu agus an eagla agus an bhraistint sin a laghdú.

(6) Tacaíocht a thabhairt d’oideachasóirí an fhoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil a éascú trí na bearta seo a leanas a chur san áireamh:

(a) A aithint gur oideachasóirí inbhuaine iad na hoideachasóirí uile, gan beann ar an disciplín nó an earnáil oideachais ina bhfuil siad ag feidhmiú, agus gur gá dóibh tacaíocht a thabhairt do na foghlaimeoirí ullmhú don aistriú glas. Ról a thabhairt d’oideachasóirí agus comhairliúchán agus comhrá a dhéanamh leo maidir le curaclaim a fhorbairt agus athchóirithe oideachais eile a bhaineann leis an inbhuaine comhshaoil agus maidir le forbairt ghairmiúil iomchuí a cheapadh.

(b) Inbhuaine comhshaoil a leabú i nach gclár oiliúna tosaigh múinteoirí; clár forbartha gairmiúla leanúnaí agus caighdeáin agus creataí gairmiúla múinteoirí chun tacú le hinniúlacht oideachasóirí a fhorbairt maidir leis an inbhuaine.

(c) Deiseanna agus dreasachtaí a chruthú le haghaidh oideachasóirí chun páirt a ghlacadh i gcláir forbartha gairmiúla a bhaineann leis an inbhuaine, mar shampla, trí na cláir a nascadh le dul chun cinn gairme agus forbairt gairme agus róil a chruthú le haghaidh oideachasóirí amhail comhordaitheoir inbhuaine.

(d) Tacaíocht a thabhairt d'oideachasóirí, lena n-áirítear an t-am agus an spás is gá a sholáthar chun oideolaíochtaí a ghlacadh lena gcuirtear leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil agus aghaidh a thabhairt ar an oideachas inbhuaine ar bhealaí idirdhisciplíneacha agus gnéithe sochmhothúchánacha den fhoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil a fhorbairt, ionas gur féidir le gach foghlaimeoir tacú leis an athrú agus foghlaim conas gníomhú, ar bhonn aonair agus i gcomhar le daoine eile, ar mhaithe le domhan níos inbhuanaithe.

(e) An teagasc agus an fhoghlaim chlaochlaitheach idirdhisciplíneach a spreagadh agus a chumasú trí chuir chuige thraidisiúnta agus nuálacha a úsáid, lena n-áirítear an fhoghlaim ghníomhach, an cur chuige ETIEM[42], haiceatóin agus cluichiú.

(f) Acmhainní a fhorbairt agus a scaipeadh chun tacaíocht a thabhairt d'oideachasóirí, go háirithe maidir leis an measúnú. Tacaíocht a thabhairt d'oideachasóirí uirlisí traidisiúnta agus nua agus ábhair thraidisiúnta agus nua a úsáid chun a bheith ag teagasc le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil i réimse suíomhanna laistigh agus lasmuigh agus suíomhanna digiteacha agus neamhdhigiteacha. Rochtain ar ionaid saineolais a sholáthar, lena n-áirítear ionaid um oideachas comhshaoil.

(g) An pobal taighde agus nuálaíochta a spreagadh chun comhrá a dhéanamh le soláthraithe oideachais fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil chun tacaíocht a thabhairt d'oideachasóirí i réimse na hinbhuaine comhshaoil. Tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne oideachais páirt a ghlacadh i dtionscadail agus i dtaighde turgnamhach a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide, leis an ngéarchéim chomhshaoil agus leis an inbhuaine.

(7) Tacaíocht a thabhairt d'institiúidí oideachais agus oiliúna an inbhuaine comhshaoil a chomhtháthú ar fud a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí trí na bearta seo a leanas a chur san áireamh:

(a) Cuir chuige éifeachtacha uile-institiúide i leith na hinbhuaine a spreagadh agus a éascú, cuir chuige lena gcuimsítear an teagasc agus an fhoghlaim, an fhís, an phleanáil agus an rialachas, rannpháirtíocht ghníomhaíoch foghlaimeoirí agus foirne, bainistíocht foirgneamh agus acmhainní, comhpháirtíochtaí leis an bpobal áitiúil agus leis an bpobal i gcoitinne agus an taighde agus an nuálaíocht. Tacaíocht a thabhairt do cheannairí oideachais an t-athrú eagraíochtúil a bhainistiú trí fhorbairt agus trí threoir ghairmiúil thiomanta a thabhairt dóibh ina ról.

---

[42] Leis an gcur chuige ETIEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus Matamaitic), baintear leas as an bhféidearthacht chruthaitheach atá ann nuair a nasctar oideachas ETIM leis na healaíona, na dána agus na heolaíochtaí sóisialta

(b) Tacaíocht a thabhairt d'institiúidí oideachais agus oiliúna a straitéisí inbhuaine a cheapadh, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus/nó an inbhuaine a leabú i bpróisis agus i mbearta atá ann cheana (e.g. pleananna forbartha scoile, ráitis misin agus straitéisí ardoideachais). A aithint gur próiseas fadtéarmach é lena n-éilítear céimeanna beaga intomhaiste ar a ndéantar faireachán agus meastóireacht ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear tríd an bhféinmheastóireacht a dhéanann an institiúid.

(c) Scoileanna, institiúidí ardoideachais, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun páirt a ghlacadh i gclár éicidheimhniúcháin a mbaineann tairbhí comhshaoil, oideachasúla agus geilleagracha leo. Struchtúir thacaíochta a sholáthar le haghaidh scéimeanna den sórt sin, e.g. gníomhaireachtaí nó comhlachtaí chun tacú le cuir chuige uile-institiúide, an mheantóireacht agus an líonrú, teimpléid agus treoir, tacaíocht airgeadais.

(d) Cuid de na sásraí athbhreithnithe inmheánaigh agus/nó sheachtraigh agus dearbhaithe cáilíochta a bhíonn ag eagraíochtaí oideachais agus oiliúna a dhíriú ar an inbhuaine. Luach saothair a thabhairt d'institiúidí oideachais trí chreataí maoinithe atá feidhmíochtbhunaithe le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach i réimse na hinbhuaine.

(e) An inbhuaine comhshaoil a leabú a thuilleadh i gcláir, i siollabais agus i modúil, ar fud réimsí disciplíní, amhail an staidéar gnó, na heolaíochtaí sóisialta, an ailtireacht agus an innealtóireacht, an phleanáil úsáide talún agus an bhainistíocht talún. Úsáid a bhaint as acmhainní agus as ábhair a fhorbraíonn eagraíochtaí comhshaoil agus oideachais neamhrialtasacha agus comhlachtaí ábhartha eile.

(f) Tacaíocht a thabhairt d'institiúidí ardoideachais, gairmoideachais agus gairmoiliúna cúrsaí foghlama beaga agus saincheaptha a fhorbairt maidir leis an inbhuaine comhshaoil, lena dtuilltear micridhintiúir, chun inniúlachtaí gairmiúla a dhoimhniú, a leathnú agus a thabhairt cothrom le dáta.

(g) Tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí le gnólachtaí, na healaíona, feirmeacha, an oidhreacht chultúrtha, an spórt agus institiúidí taighde, tionscal na n-acmhainní oideachais (lena n-áirítear an teicneolaíocht, an fhoilsitheoireacht agus trealamh curaclaim eile) agus an taighde oideachais. Cláir seach-churaclaim, cláir shamhraidh agus cláir eile a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt do shocrúcháin oibre i suíomhanna éagsúla, mar shampla, saotharlanna, gnólachtaí, institiúidí taighde, eagraíochtaí neamhrialtasacha.

(8) Cistí náisiúnta agus cistí de chuid an Aontais a shlógadh le haghaidh infheistíocht, oiliúint, uirlisí agus acmhainní chun athléimneacht agus ullmhacht an oideachais agus na hoiliúna le haghaidh an aistrithe ghlais a mhéadú, go háirithe Erasmus+, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach agus an Clár InvestEU.

(9) Infheistíocht a dhéanamh san fhaireachán, sa taighde agus sa mheastóireacht a dhéantar maidir leis na dúshláin bheartais agus tionchar na dtionscnamh sin chun cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh cheana agus mar bhonn eolais leis an gceapadh

beartas, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do tháscairí agus spriocanna comhchoiteanna a fhorbairt maidir leis an inbhuaine comhshaoil san oideachas.

AG IARRAIDH AR AN gCOIMISIÚN LEIS SEO:

1. Comhar agus piarfhoghlaim a éascú idir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara maidir leis an bhfoghlaim le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil trí na nithe seo a leanas:

1.1. An Creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo Limistéar Eorpach Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) [43] ina bhfuil an t-oideachas le haghaidh an aistrithe ghlais ina phríomhréimse tosaíochta.

1.2. Maidir le deiseanna chun scaipeadh agus spreagadh a dhéanamh ar úsáid an oideachais agus na hoiliúna le haghaidh na hinbhuaine chomhshaoil laistigh de chláir mhaoinithe an Aontais, amhail Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, LIFE, Ciste Sóisialta na hEorpa, Fís Eorpach, Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie agus an ionstraim um thacaíocht theicniúil, na deiseanna sin a chur chun cinn agus a chumasú agus tacú leis na deiseanna sin.

1.3. Dea-chleachtais ó mhalartuithe foirne, ó thionscadail agus ó líonraí Erasmus+ a chomhroinnt, lena n-áirítear trí Ollscoileanna Eorpacha Erasmus+, an pobal r-Nasctha ar líne, mar aon le hIonaid Barr Feabhais Gairme, gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht.

1.4. Samplaí den dea-chleachtas a shainaithint, a thaifeadadh agus a chomhroinnt, lena n-áirítear trí na hardáin ar líne atá ann cheana[44] agus trí thacaíocht a thabhairt do líonrú eagraíochtaí náisiúnta agus eagraíochtaí eile atá gníomhach san oideachas agus i réimse na hinbhuaine comhshaoil san oideachas agus san oiliúint fhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil.

1.5. Ról a thabhairt don óige maidir leis an Moladh a chur chun feidhme, go háirithe trí bhíthin Bhliain Eorpach na hÓige 2022 agus trí bhíthin Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, chun a áirithiú go gcuirtear tuairimí, dearcthaí agus riachtanais daoine óga agus eagraíochtaí óige san áireamh go hiomlán.

1.6. Sineirgí a chruthú leis an gComhghuaillíocht 'Oideachas ar mhaithe leis an Aeráid' agus Bauhaus Eorpach Nua.

2. Acmhainní, ábhair agus taighde maidir leis an inbhuaine comhshaoil a fhorbairt agus a chomhroinnt, i gcomhar leis na Ballstáit, lena n-áirítear acmhainní, ábhair agus taighde a bhaineann le Creat nua Eorpach inniúlachta maidir leis an inbhuaine.

3. Tacaíocht a thabhairt d'oideachasóirí teagasc le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

3.1. Acmhainní agus ábhair thacaíochta a sholáthar maidir le hArdán ar líne na hEorpa don Oideachas Scoile a bheidh ann amach anseo, EPALE agus Tairseach Eorpach na hÓige.

3.2. Aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí sármhaithe sa teagasc agus san fhoghlaim le haghaidh na inbhuaine comhshaoil trí scéimeanna dámhachtana de chuid an Aontais,

[43] Rún 2021/C 66/01 ón gComhairle

[44] D'fhéadfaí a áireamh leis sin Ardán ar líne na hEorpa don oideachas scoile atá le teacht go luath, Cúinne na Foghlama, *Science is Wonderful!*, Tairseach Eorpach na hÓige, EPALE, Scientix, an Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí, an Comhshocrú um Scileanna.

lena n-áirítear an Gradam Eorpach don Teagasc Nuálach, an Duais Eorpach um r-Nascadh agus na Dámhachtainí Eorpacha um Ghairmscileanna.

4. Faireachán a dhéanamh ar fhorbairt scileanna glasa a dhéantar san ardoideachas agus a dhéanann céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus taighdeoirí luathghairme, mar shampla trína n-áireamh sa tionscnamh Eorpach maidir le rianú céimithe.

5. Faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar san oideachas le haghaidh na hinbhuaine comhshaoil faoi chuimsiú tuarascálacha maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais agus an Comhaontú Glas don Eoraip.

6. An comhar atá ann cheana le heagraíochtaí idirnáisiúnta a láidriú, go háirithe UNESCO agus comhlachtaí eile NA, chun cur chuige i leith an oideachais agus na hoiliúna le haghaidh na hinbhuaine a chothú le lucht ceaptha beartas, cleachtóirí agus páirtithe leasmhara sna Ballstáit, lena gcuimsítear an cothromas, an t-ionchuimsiú agus an ceartas, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

7. Leanúint den ghné ghlas de chláir Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a atreisiú, trí bhíthin na soghluaisteachta boige, cleachtas glas i dtionscnaimh agus fócas láidir ar an inbhuaine chomhshaoil sa chomhar idir páirtithe leasmhara éagsúla i réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*